

Gréagóir Ó Dúill

Ciarán Mac Murchaidh

Cúlra an fhile

Rugadh Gréagóir Ó Dúill i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1946. Taistealaí tráchtála as Baile Átha Cliath ba ea a athair agus státseirbhíseach ba ea a mháthair. Bhíodh dánta Béarla leo siúd agus le haintín leis i gcló ar irisí a d'fhoilsítí i mBaile Átha Cliath sa tréimhse idir na tríochaidí agus na hochtóidí. Chuaigh an teaghlach a chónaí ar an gCionn Bán i gCo. Aontroma nuair a bhí sé cúig bliana d'aois. Is ar an mbaile sin agus ar Choláiste Maolmhaodhóg, Béal Feirste, a fuair sé a chuid oideachais agus is iad na múinteoirí Muiris Ó Droighneáin agus an tAthair Joe Conway is mó a chuaigh i gcion air ansin. Ghnóthaigh sé céim BA sa Stair ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste sa bhliain 1968, an bhliain ar phós sé Cáit Ní Mhuirígh, múinteoir teangacha. Idir 1971 agus 1975 bhí sé ag staidéar go páirtaimseartha i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus bhain sé cáilíocht cartlannaíochta agus MA sa Stair amach le linn na tréimhse sin. Is ar Samuel Ferguson a scríobh sé an tráchtas lenar ghnóthaigh sé an chéim dochtúireachta i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, sa bhliain 1989.

Bhí poist éagsúla ag Gréagóir Ó Dúill i rith a shaoil oibre: mar mhúinteoir Béarla agus Staire; mar chartlannaí in Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn; mar oifigeach riaracháin i mBord na Gaeilge; mar Phríomhoifigeach Cúnta i Roinn na Seirbhíse Poiblí agus i Roinn an Airgeadais. D'éirigh sé as an státseirbhís sa bhliain 1991 agus tá sé ina scríbhneoir lánaimseartha ó shin. Múineann sé scríobh na filíochta ar an gcúrsa MA i dTeach na hÉigse, an Fál Carrach, Dún na nGall agus ceapadh é ina stiúrthóir cúnta ar an gcoláiste sin sa bhliain 2001 agus ina dhiaidh sin ina chomhstiúrthóir. Chaith sé seal trí bliana ina léachtóir le Ceiltis in Ollscoil na Banríona ina dhiaidh sin in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Déanann sé a chuid ama a roinnt idir Baile Átha Cliath agus an Ardraidh Bheag, in aice le Gort an Choirce i ngaeltacht Dhún na nGall.

Saothar foilsithe

Ocht gcnuasach filíochta Gaeilge atá foilsithe ag Ó Dúill ón mbliain 1981 i leith: *Innilt Bhóthair* (1981), *Cliseadh* (1982), *Dubhthrian* (1985), *Blaoscoileán* (1988), *Crannóg agus Carn* (1991), *Saothrú an Ghoirt* (1994), *GarbhAchadh* (1996) agus *An Fhuinneog Thuaidh* (2000). Sa bhliain 2001 foilsíodh tacar roghnach dá chuid filíochta, dar teideal *Rogha Dánta 1965-2001*. Cuireadh *Traverse* i gcló sa bhliain 1998, bailiúchán d'aistriúcháin go Béarla leis féin ar roinnt dá chuid dánta. Tháinig an dara cnuasach dátheangach leis, *Gone to Earth*, amach sa bhliain 2005. An file Bernie Kenny a rinne na haistriúcháin an babhta sin. Foilsíodh a chéad chnuasach bundánta Béarla, *New Room Windows*, sa bhliain 2008. Anuas air sin, tá dhá dhíolaim filíochta curtha in eagar ag Ó Dúill, mar atá *Filíocht Uladh 1960-1985* (1986) agus *Fearann Pinn: filíocht 1900-1999* (2000).

Léamh na gcriticeoirí ar fhilíocht Uí Dhúill

Is é an rud is sonraithí faoi chorpas filíochta Uí Dhúill a laghad airde atá tugtha go dtí seo ag lucht critice air. Diomaite de roinnt léirmheasanna gairide in imeacht na

mblianta, a scríobh léirmheastóirí éagsúla (e.g. Davitt 2005; Ó Cearnaigh 1986, 1995; Riggs 1985; Ó Marcaigh 1982; Titley 1992, 1995; Welch 2000), níl aon aiste théagartha ann ina ndéantar mionscagadh ar a shaothar. Is deacair a rá cad chuige nach bhfuair sé a cheart mar fhile roimhe seo. Ar cheann de na cúiseanna a d'fhéadfaí a lua, b'fhéidir, tá an scáth faoinar shaothraigh filí nach raibh baint dhlúth acu le gluaiseacht *Innti*. Is cinnte nár thaithigh Ó Dúill an t-ardán poiblí an oiread agus a rinne filí *Innti*. Cé go raibh cnuasaigh filíochta Uí Dhúill á bhfoilsíú le linn na 1980idí, an t-am céanna a raibh na chéad chnuasaigh filíochta le leithéidí Ní Dhomhnaill agus Uí Mhuirthile ag teacht ar an bhfód, is iondúil go n-áirítear é mar dhuine d'oidhrí na gluaiseachta sin (féach de Paor 2006: 349). Deir de Paor i dtaobh na n-oidhrí sin:

The cacophony of competing voices on the pages of *Innti* is in marked contrast to the isolated voices of the modern period ever mindful of the possibility of their imminent extinction. (de Paor 2006: 337)

Is fíor go mbaineann an aonaracht seo le cás Uí Dhúill agus, mar a phléifear ar ball, is minic béim á leagan aige ar shainchás na bhfilí Tuaisceartacha, filí a fágadh ar imeall an phobail liteartha, dar leis, mar gheall ar chúinsí polaitíochta agus ar chúinsí tíreolaíochta.

Mar sin féin, tá forrach leanúnach bhuan treafa ag Gréagóir Ó Dúill ina chuid filíochta agus tá léargais luachmhara le fáil inti, rud atá aitheanta ag cuid de na léirmheastóirí thuasluaite. Thagair Fiachra Ó Marcaigh do chúrsaí féiniúlachta agus dúchais i léirmheas leis ar an gcnuasach *Cliseadh*, 'Aithnímid na téamaí céanna arís agus arís eile sa chnuasach seo, go háirithe an dúchas agus an nádúr. Léirítear níos mó ná uair amháin an claonadh atá san fhile seo é féin a aithint mar Ultach seachas mar Éireannach. Téann an fhéiniúlacht Ultach seo glan siar chuig an *Táin*.' (Ó Marcaigh 1982: 40). Chuaigh Ó Marcaigh beagán thar fóir sa bhéim a leag sé ar fhéiniúlacht Ultach Uí Dhúill, mar is léir ón méid a scríobh Ó Dúill féin i litir chuig eagarthóir *Comhar*:

Ní fíor do do léirmheastóir go n-áirim mé féin mar Ultach seachas mar Éireannach. Níor ghéill mé riamh do dhogma frithstairiúil contúirteach sin an Dá Náisiún. Is de phobal Caitliceach Oirthear Uladh mé: sin ceann de na cineálacha Éireannaigh atá ionam. Is d'fhir Éireann, de Ghaeilgeoirí Éireann, d'fheidhmeannaigh stáit Éireann, d'aithreacha clainne Éireann, de lucht coistí Éireann, d'úinéirí tithe dheisceart Bhaile Átha Cliath mé etc., etc. Tá go leor de na tréithe sin le léamh ar na dánta. Ach ní féidir a rá gur de chineál ar bith acu mé 'seachas mar Éireannach'. (Ó Dúill 1982: 36)

Tagraítear do chlisteacht agus d'fhuinteacht fhilíochta Uí Dhúill go minic sna léirmheasanna éagsúla. Tá léann agus oideachas an fhile le sonrú go soiléir i ndánta éagsúla mar a dtarraingíonn sé, ar shlí éagsúla, ar thraidisiún liteartha na Gaeilge 'Cé Dúirt' (*IB*: 1), 'Mise Éire' (*IB*: 13), 'Ceacht Staire' (*DT*: 47), 'Dar an Leabhar Breac' (*CC*: 47) agus 'In Memoriam Áine Nic Cárthaigh' (*SG*: 35), mar shampla. Cuireann dánta ar nós 'I gCuimhne 75,000 Éireannach' (*DT*: 32), 'Scannán Cogaidh: do N.P.' (*DT*: 35) agus 'Lá na bPoipíní' (*CC*: 36) filíochta frithchogaidh Wilfred Owen agus Siegfried Sassoon i gcuimhne. Ina theannta sin, tá tagairtí cliste do thraidisiún béaloidis na Lochlannach sna dánta 'Do Bhéalfeirsteach Mná' (*DT*: 44) agus 'Loki agus Loch' (*SG*: 25).

Mar a luadh cheana, is mór ag Ó Dúill filíocht Chúige Uladh a chur chun cinn nó braitheann sé nach i gcónaí a fuair filí Ultacha a gceart ó lucht díolamaí agus ó lucht léirmheastóireachta. Iarracht a bhí sa díolaim a chuir sé in eagar, *Filíocht Uladh 1960-1985*, an t-easnamh sin a aithint agus a chur ina cheart, chomh maith le haird a tharraingt ar chuid de ghlúin dhearmadta na bhfilí ó Thuaisceart Éireann. Phléigh sé leis an scéal arís le gairid in aiste fhada ar *Comhar* (Ó Dúill 2009:12-9). Níl Ó Dúill dall, áfach, ar chuid de na heasnamh a bhaineann leis an bhfilíocht chéanna nó ní leasc leis an fhírinne lom gharbh a insint faoin easpa forbartha a tháinig ar fhilíocht Ghaeilge Chúige Uladh sa 20ú haois. Ag trácht dó ar an méid a dúirt Seán de Rís faoi fhilíocht na Gaeilge i gCúige Uladh a bheith marbh, deir sé:

Bhí cuid mhaith den cheart ag an Ríseach. Fá 1956 ba bheag nuafhilíocht mhaith a bhí scríofa ag Ultaigh na glúine sin. Bhí radharc nó dhó ar an nua-aois ag Earnán de Blaghd i *Fraoch agus Fothannáin* (1938): nua-aois ar chúb sé uaithi. Bhí líon beag dánta éifeachtacha simplí scríofa ag Séamus Ó Néill i lár na ndaicheadaí. Bhí saothrú na filíochta ar siúl ag Breandán S. Mac Aodha agus ag Liam Mac Reachtain ar bhealach leanúnach go leor le nár mhiste bheith dóchasach astu. Ba léir go raibh féith na filíochta sa té a scríobhadh faoin ainm cleite Róise nic a' Ghoill, agus luí aige le múnlaí nua. Bhí ar chumas Sheosaimh Mhig Uidhir dánta foirmeálta a scríobh a bhaineadh caighdeán ard amach, agus bhíodh a chomhshagart, Tomás Ó Fiaich, ag cur bailéad, amhrán tíre agus iomann á bhfoilsíú. Ach ba bheag sin leis an Ríseach a bhréagnú. (Ó Dúill 1986: 13-4)

Aithníonn Ó Dúill chomh maith na saindúshláin a bhíonn i ndán don té a roghnaíonn an Ghaeilge mar mheán cruthaitheach. Tuigtear dó, áfach, gur measa fós cás an scríbhneora Ghaeilge ó Thuaidh:

Is beag duine dá bhfuil sa díolaim seo a d'fhoilsigh go leanúnach ar feadh tréimhse deich mbliana... Tá filí maithe ann nár cnuasaíodh go fóill, filí eile gur beag a saothar ainneoin a gcumais. Tá an iomarca a d'éirigh as. Ná tógaimis orthu é. Cad a thagann de bharr saothrú dian na filíochta? Tá Diarmaid Ó Doibhlin ar dhuine de na filí is fearr sa Chúige. Foilsíodh bailiúchán leis atá an-mhaith mar bhailiúchán agus *identité* sainiúil ag baint leis. Níor tháinig mé ach ar léirmheas amháin air. Níor roimhe sin amháin a leathadh an tost. Múchann an díth fhreagra meanma an file. Is cosc é ar a fhorbairt. Ní minic a bhíonn file ag iarraidh airgid nó ardchém as a chuid filíochta. Ba shaonta aige. Ach bíonn sé ag iarraidh aitheantas mar fhile, nó ar a laghad macalla éigin ar a scairt i gcrot léirmheasa ar a shaothar. In Ultaibh, agus pobal na Gaeilge scaipthe scáinte mar atá, ní minic a bhíonn an comhrá cíortha féin ar fáil dó mar chúiteamh saothair. (Ó Dúill 1986: 21-2)

Bhain an easpa airde ó lucht critice leis féin mar fhile, cé nár thug sé air éirí as scríobh na filíochta in ainneoin an uaignis. I nóta gairid léirmheasa ar *Books Ireland* (1991: 153), bhí an méid seo a leanas le rá ag tráchttaire anaithnid faoin gcnuasach *Crannóg agus Carn*: 'Stuif laidir é seo atá pearsanta agus ceardúil in éineacht. A bhformhór fáiscthe as móimint liriciúil agus é sin saothraithe go machnamhach. Ní fios cad ina thaobh nach bhfuil eolas níos forleithne ar Ghréagóir Ó Dúill agus ar a shaothar fileata. Ba dhóigh liom gur file filí é i measc mórán tréithe eile agus gur mó an pléisiúr a thálann na dánta seo ach dul siar orthu go mall is go muirneach arís agus eile.'

D'aithin Michael Davitt, file agus eagarthóir *Innti* ar feadh na mblianta, go raibh bóthar uaigneach á shiúl ag Ó Dúill ar feadh i bhfad agus gur as an uaigneas sin a d'eascair cuid thábhachtach dá shaothar filíochta. D'aithin sé, fosta, go raibh ról fíorthábhachtach ag Ó Dúill i bhforbairt na filíochta ó Thuaidh:

Dob fhéidir a rá gurbh é Gréagóir Ó Dúill ceannródaí athbheochan na filíochta Gaeilge i gCúige Uladh. Thar aon chúige eile acu is ó thuaidh a bhí an gort ba dhúshlánaí ar fad le treabhadh, agus a raibh d'fhómhar bainte cheana ag a chomhghleacaithe Béarla, Montague, Heaney, Mahon, Longley, Muldoon, Carson, gan ach seisear a lua, *hard acts* le treabhadh ina ndiaidh ar fhód ar bith, nó i dteanga ar bith, ar domhan. (Davitt 2005: 16)

Tá rian an bhóthair uaignigh agus tionchar na troda poiblí ar son na filíochta ó Thuaidh le sonrú go laidir ar fhilíocht Uí Dhúill. Fágann sé sin go bhfuil an t-uaigneas féin, nó an t-imeallú agus an t-aonarachas fite fuaite ina chéile i gcuid mhór de na dánta atá scríofa aige. Tabharfar spléachadh ar ionramháil an téama sin aige sa chéad chuid den aiste seo.

An t-uaigneas agus an t-imeallú

Téamaí lárnacha sa chéad chnuasach leis, *Innilt Bhóthair* (1981), is ea an t-uaigneas agus an t-imeallú. Roinntear na dánta sa chnuasach sin ina dtrí chuid, 'An Pobal', 'An Chlann' agus 'An Duine'. Tugtar léargas iontach dúinn sna ranna sin ar dhearcadh an fhile ar ghnéithe éagsúla de na trí ghné sin de shaol an duine. Baineann dán 'Teoiric Comhcheilge' leis an roinn dheireanach, 'An Duine'. Sa dán seo tuigtear dúinn go bhfuil parailís inchinne de shórt éigin ar an bhfile a choscann ar a chumas dán a scríobh nó aon rud eile a dhéanamh:

Fásann i mo thimpeall (aithrí mo chré)
faiílí mo mhionteipíní
(deargann sa doircheacht na teipíní)
is slogtar mé ... (IB: 57)

Tagann deamhain an fhile chun magadh a dhéanamh air faoi teip seo agus cuireann sé sin tuilleadh lena easpa misnigh. Is meafar an-éifeachtach é meafar na bhfiailí nó cuireann sé in iúl don léitheoir a dheacra agus atá sé ag an bhfile smacht a choinneáil ar na smaointe duairce atá ag teacht idir é agus codladh na hoíche. Ar nós na bhfiailí a chaithfear a stoitheadh agus a ghlanadh amach as an ngairdín, tuigtear don fhile go gcaithfidh sé aghaidh a thabhairt ar an easpa misnigh seo agus caoi a chur ar fhiántas ghairdín na hintinne.

Sa dán 'Faire' déanann an file cur síos ar radharc ar chrainn leamhain ar a bhfuil roinnt préachán ina suí. Cuireann an file suntas sa dóigh a bhfuil na préacháin dhubha suite go foighneach ar ghéag chrainn. Is ar éigean atá siad ag bogadh, cé nach iomlán suaimhneach mar chréatúir iad. Mothaítear duibhe agus dorchadas an radhairc agus cruthaítear atmaisféar bagarthach, amhail is gur badhbha agus nach préacháin iad, ag fanacht le hanáil dheireanach íobartaigh éigin. Is tuar oilc nó tuar báis, de ghnáth, í an bhadhbh, í ar foluain nó ina suí go foighneach. Meabhraíonn siad an dé deiridh don léitheoir:

Na préacháin dubha ar ghéaga na leamhán,
is foighdeach a nglór seanaosta, foighdeach a bhfaire.
I leataobh ní bhogann a choíche, gí corrach a suan.
Foghlaimím uathu, ... (IB: 58)

Is é an dé deiridh atá i gceist anseo, áfach, ná easpa misnigh an fhile nó an dul i ngleic leis an easpa inspioráide, is é sin, le himeacht uaidh na naoi mBéithe. Is geall le faire é, faire ar ghairm an fhile ag sleamhnú uaidh agus gan neart ar bith aige air:

Fanaim lena mbua, le mo dheargdhíomua,
gan aird agam mórán ar bhun cleite, bharr cleite,
ach m'aigne i ngreim, mo ghreim doscaoilte.

Is duillí na soicindí thart orm ag séideadh,

Mairim. (*IB*: 58)

Tá duibhe agus dorchacht an radhairc an-chumhachtach mar cuidíonn sé leis an léitheoir cuid den easpa cumhachta a bhaineann leis an staid ina bhfuil an file féin a shamhlú. Tá bac síceolaíoch éigin tar éis é a bhualadh i dtaca le scríobh na filíochta de. D'fhéadfaí an cleite a shamhlú mar shiombail don pheann, do ghníomh na cumadóireachta agus na scríbhneoireachta féin. Tá an bac seo le sárú aige le dul i mbun pinn arís. Tá nóta dóchais i líne dheiridh an dáin, áfach, nuair a dhearbhaíonn an file go dána, 'Mairim'. Uaill dhúshlánach é sin, ar shlí, a ligeann sé uaidh mar chosaint ar na neacha dubha sin atá ag bagairt air.

Is téama é seo, an easpa misnigh nó an teip, a thagann chun cinn arís agus arís eile sa dara cnuasach dánta uaidh, *Cliseadh* (1982). Is nod faoi ábhar na ndánta teideal an chnuasaigh féin, ar ndóigh. Déantar plé i gcuid mhór de na dánta seo ar anchás na drochshláinte, ar an easpa inspioráide agus ar amhras an fhile faoina chumas féin agus cuirtear sin uilig i gcrích ar bhealach ar leith, mar a thug Pádraigín Riggs faoi deara:

Cineál dialainne is ea an leabhar *Cliseadh*, le Gréagóir Ó Dúill, dialann ina bhfuil cuntas le fáil – más cuntas neamhrialta féin é – ar na taghdanna a thagann ar an bhfile (nó ar an *persona*) le linn tréimhse dhá bhliain – dialann an chliste. (Riggs 1985: 61)

Go minic is 'teip' de shórt éigin atá i gceist leis an 'gcliseadh'. Is cosúil an teip nó an easpa seo le bheith ag amharc isteach i nduibheagán agus tuigtear don léitheoir gur ar imeall an duibheagáin a bhíonn *persona* na ndánta go minic, mar a léirítear go han-éifeachtach in 'Cinniúint':

Ní bhaineann eagla leis a thuilleadh.
Tá seanaithne agam ar theorainn m'éifeachta,
ró-aithne agam ar an ghruaim ina néall tobann ar
mhullach sléibhe
Is mise, cortha cheana, ar meisce le tuirse, go tobann i mo
dhall. (*CL*: 7)

Léiríonn an tagairt do 'theorainn m'éifeachta' an t-amhras atá ar an bhfile faoina chumas cruthaitheach féin. Aithníonn cuid de na léirmheastóirí an dua atá caite ag Ó Dúill féin le foghlaim na ceirde, na hiarrachtaí comhfhiosacha a rinne sé le slacht a chur ar a shaothar. Agus é ag trácht ar an séú cnuasach filíochta le Ó Dúill, tugann Alan Titley le fios go raibh na hiarrachtaí seo, agus cuid den fhéinamhras fiú amháin, le sonrú ar luathshaothar Uí Dhúill:

Saothré an Ghoirt is Gréagóir Ó Dúill's sixth collection. It is also his most Donegalish. This is not why it is his most accomplished to date but his decision to go and live in the Donegal Gaeltacht for large swatches of the year has something to do with a certain lightness of touch, a surety of foot, a happiness of stance throughout this book sometimes missing heretofore. Up until now there were times when you knew from his poetry that the craft was hard but his lifetime of learning takes off in this one. (Tittley 1995: 93)

Sa dán 'Cinniúint' aithnítear cuid den streachailt sin. Tagann an t-amhras aniar aduaidh ar an bhfile, amhail ceo ar na sléibhte, agus fágann dall é. Caithfidh sé an cosán a bhrath go cúramach agus dul i ngleic lena amhras mar a bheadh duine i mbaol a bháite ag troid chun é féin a tharrtháil:

I mo dhall gan smacht ar ghéaga, eolas slí, slaitín geal.
Ró-aithne agam ar an snámh sin faoi uisce
ar chluiche i dtosach é, mo chloigeann ag brúchtaíl chun gréine aníos,
ar dhol gan rabhadh é, mo scámháin i mo chliabhach ag réabadh,
mo chloigeann ag at. (CL: 7)

Is é an smaoineamh faoina chlann ag deireadh an dáin a thugann ar an bhfile tarraingt siar ó bhruach an duibheagáin an t-am seo, áfach. Iad sin a mheabhraíonn an todhchaí dó agus a chuidíonn leis 'eolas slí' a aimsiú chun nach dteipfidh ar a mhisneach ná ar a dhóchas:

Ach b'oth, b'áiféal gan fás gur mór liom a bhreathnú:
aibiúlacht ghrástúil m'iníonacha
diongbháilteacht sheascair mo mhic,
gan seans taitnimh ina gcomhluadar bheith agam
is iad ina ndaoine fásta. (CL: 7)

Pictiúr d'éan, faoileán agus eite leis briste, a mheabhraíonn meafar an éagumais arís don fhile sa dán 'Faoileán Leonta':

Is seol triantánach ag gobadh in airde d'éite briste,
tonnta do mhisnigh dod ardú ar eitilt bhacadaíle,
go dtiteann tú faon in uisce canálach,
go líonann arís muir thapa do mhisní. (BO: 46)

Tá iarrachtaí móra ar siúl ag an bhfaoileán éirí chun aghaidh a thabhairt ar chath an tsaoil ach tá ag teip ar na hiarrachtaí cé go bhfuil an misneach féin láidir. D'fhéadfaí iarrachtaí bacacha an fhile chun filíocht a chumadh a shamhlú leis an meafar seo nó streachailt an duine leis an saol i gcoitinne. Is cosúil go dtugann iarrachtaí leanúnacha an fhaoileáin dóchas agus ardú meanman do phearsa an dáin, áfach. Tá bráithreachas agus comhbhá le brath sna línte seo leanas mar a mbrostaíonn an file an faoileán le tabhairt faoin eitilt arís, in aineoinn na heite briste:

Lean ort, a bhráthair. Bíodh in airde an bhratach gheal
seal gearr eile.
Ná múchtar lóchrann do mhisnigh faoin uisce olach,
ná raibh gob ná fiacail do do réabadh go fóill beag. (BO: 46)

Beathaíonn agus misníonn siad a chéile in aon bheart nó i móimint amháin bráithreachais chun an easpa misnigh a chloí agus dul i mbun saothair le dóchas arís.

Is sa chnuasach *An Fhuinneog Thuaidh* (2000), áfach, a dhéantar an t-*iniúchadh* is leanúnaí, measaim, ar théama seo an uaignis i bhfilíocht Uí Dhúill. Sa dán ‘Caoirigh Feabhra’ is meafar iad caoirigh atá ar innilt thart ar an teach cónaithe don sceirdiúlacht agus don uaigneas a bhaineann leis an radharc geimhriúil seo:

Tóin re gaoith na caoirigh
gan d’fhoscadh acu
ach na crainn bhochta bhriste a d’fhág siad féin. (FT: 12)

Tráthnóna mílitheach atá ann, ‘faoi luí dearg nimhneach gréine, faoi néalta buíliatha,/ faoi urchair chloch-shneachta’ agus is geall le suíomh catha an radharc a chuirtear os ár gcomhair, nó déantar tagairt do ‘bail choill Passchendaele ar na crainn dídine ar chúl an tí’. Istigh sa teach go seascair clúthar atá an file ach meabhraíonn na caoirigh mailís nó mioscais éigin dó nach dtig leis a chur ó intinn agus mothaíonn sé gur beag atá idir é agus cibé donas a shamhlaíonn sé leis na hainmhithe taobh amuigh den fhuinneog:

Deasaím an tine go léimeann bladhairí, roghnaím dlúthdhiosca, leabhar.
Tá deimheas a súl dubh buí fuar ar mo chraiceann.
Is gan eadrainn ach gloine. (FT: 12)

Cé go ndéanann sé iarracht iad a chur óna intinn trí ghníomhartha éagsúla a dhéanamh, tá radharc na súl sin a stánann isteach air gan mhothú míchompordach. Mothaíonn sé lomnacht os comhair na contúirte agus fágtar go hiomlán míshuaimhneach ina thearmann féin.

An bheatha agus an bás

Is minic Ó Dúill i ngleic le ceist na beatha agus an bháis ina chuid filíochta. Timthriall na beatha agus imeacht an ama is téama don dán ‘Beith’, mar shampla. Feidhmíonn an nádúr féin sa dán mar chlog a mharcálann tréimhsí éagsúla ama i saol an duine. Fógraítear teacht an fhómhair nuair a thiteann ‘boinn órga go mall/ Leoithne bheag á luascadh’. Meabhraítear an bás agus an chríoch dúinn go luath sa dán:

Thugadh an bheith an bheatha, chuaigh an cothú
I ndisc agus thriomaigh sine an cheangail. (FT: 51)

Conda imleacáin atá sa tsine bheag a choinníonn an bheatha leis an duilleog agus nuair a ghearrtar air sin, tá deireadh leis an cheangal beathaitheach. Titeann na duilleoga seo de na crainn sa ghairdín agus is lena mbás siúd a ghintear beatha agus a chothaítear créatúir eile an dúlra i dtimthriall riachtanach an bháis agus an aiséirí:

Luíonn ina uige óir ar ghuaillí an gharraí, ...
Leasaíonn, athleasaíonn fréamhacha an chrainn,
alpann nó beathaíonn a chéile agus bleibíní bhlátha an earraigh.
Beacain agus canach, freisin, mar luí gréine beag faoi cheilt.
Bolgann na rútaí aníos, craitheann díobh dromchla dhubh an chasáin. (FT: 51)

Tá geallúint an earraigh ina dlúthchuid den síorathrú atá ar siúl sa saol i gcoitinne, i saol an duine féin agus i saol an fhile, mar a bhaineann le scríobh agus cumadh na filíochta, fiú.

Titeann na boinn órga go mall, siollaí sa ghaoth.
Infhilleann an fhaiche iad go muirneach, mar réamhíocaíocht ar earrach.
(*FT*, 51)

Sa dán 'In Memoriam Áine Nic Cárthaigh' caointear cailleadh mná óige. Baineann an dán macalla as na véarsaí a chuirtear i mbéal Fherdia sula dtéann sé chun catha le Cú Chulainn sa *Táin*. Comhrac aonair a bhí ar bun eatarthu ar an dóigh chéanna agus atá comhrac aonair ar siúl idir Áine Nic Cárthaigh agus an bás. Tosaítear agus críochnaítear an dán le véarsa a mheabhraíonn an comhrá idir Ferdia agus a fhear carbaid. Tá meafar sin an chomhraic aonair á fhorbairt tríd an dán agus léiríonn sé an troid láithreach atá i gceist ag an mbean óg seo leis an mbás:

coinne contúirteach
dúshlán do-éalaithe
dícheall nár leor
fógairt na mbuanna
oidhe dho-sheachanta
gae bolg cruinn cinnte ... (*SG*: 35)

Meabhraítear dúinn fosta, áfach, an tsíorthroid a théann ar aghaidh idir an bheatha agus an bás ar bhonn laethúil thart timpeall orainn:

Bhí an Bás ag cúinne sráide,
faoin lampa, é ag feitheamh leat.
B'fhada do shuirí shéantach leis
ach tháinig lá a gealladh duit,
sealán ag teannadh is do lámh láidir faon. (*SG*: 35)

Meabhraíonn an véarsa sin an líne oscailte i seanmóir leis an Easpag Séamas Ó Gallchóir, duine a bhain le hiarthar Chúige Uladh agus a chum cnuasach cáiliúil seanmóirí i nGaeilge, a foilsíodh sa bhliain 1736. Tá dhá sheanmóir aige ar an mbás agus seo mar a thosaíonn sé ceann amháin acu, línte ina ndéantar pearsanú ríléir ar charachtar an bháis, díreach mar atá déanta ag Ó Dúill sa dán thuas: 'Cé nach bhfuil ní ar bith sa tsaol seo is coitianta ná an bás, de bhrí go siúlann go laethúil eadrainn ó theach go teach, go bhfuadaíonn leis an t-óg mar an t-ársá agus go dtarraingíonn iad chun na huaighe nuair is lú a shíleann siad, maise, ina dhiaidh sin agus uile, níl ní ar bith is éascaí dá ndéantar dearmad ná den bhás.' (Mac Murchaidh 2004: 172) Déanann Ó Dúill pearsanú den sórt céanna ar an mbás sa dán seo agus tuigtear don léitheoir go bhfuil an bás ar nós cuma liom agus é ar a thuras thart. Ní dhéanann sé idirdhealú ar bith, is cosúil, idir óg ná aosta. Samhlaíonn an file an nádúr féin i gcomhbhrón leis agus é ag caoineadh imeacht na mná óige seo i bhfad roimh a ham:

I dTír Chonaill anseo dom, tá fiacail le gaoith
Agus deora Dé na sceach
Mar dhrúcht ar an chré. (*SG*: 35)

Sa dán ‘Athrú Datha’, agus an file ar an traein ó dheas chuig tórramh, cuireann radharc ón bhfuinneog an file siar ar bhóithrín na smaointe. Páirc lán eallaigh an rud a spreagann a chuimhne. Smaoiníonn sé ar radharcanna tuaithe a óige agus samhlaíonn sé na ba mar ainmhithe naofa, ar nós thraidisiún na hIndia. Bhí ‘an bhuachailleacht’ féin ‘saghas umhal’. Tá glóiriú ar siúl ar shlí ag an bhfile anseo – é ag cuimhneamh siar go ceanúil ar laethanta a óige agus ar laethanta luatha a chuid oibre mar fhile:

An tráth sin, ba dhubh agus bán mo léamh ar an duine, ar an dán,
ach anois tá donn gach fealsúnacht, gach fadhb, gach réiteach,
donn an fionnadh, an craiceann, fuilleach, fágálach is leasú. (FT: 29)

Is ionann an t-athrú datha agus athrú léargais nó dearcaidh an fhile, de réir mar a théann sé in aois. Is é seo an ‘t-athrú datha’ a thugann ar an duine forbairt agus fás, an tuiscint atá aige ar an saol a athrú agus a leasú de réir mar a chastar imeachtaí an tsaoil air. Is suntasach gur ‘donn’ gach fealsúnacht agus gach tuiscint ag an bhfile, nó tagairt é seo do thraidisiún miotaseolaíochta na hÉireann. Rí nó Tiarna na Marbh ba ea Donn sa traidisiún sin:

Donn,
an chré ag imeacht de shluasaid an ama i gcónaí.
Im an nóiméid ina fód móna ag eitilt aníos den tsleán isteach
i mo dhá láimh
agus barra mo mhéar ag cinntiú mo ghreama go domhain isteach
ar eagla a sleamhnaithe uaim, an chaill thobann,
agus fód donn eile a theacht anuas den tslusaid orm.
Tá an saol mór donn. (FT: 29)

Is ionramháil atá ar siúl ag Ó Dúill anseo ar chiall na beatha agus ar cheist na beithe, ceist nach bhfuil aon fhreagra ag éinne uirthi ach teacht ar thuiscint leathshásúil éigin dó féin. Is leathshásúil ar fad atá tuiscint nó ráiteas deireanach an fhile ar na nithe seo, ‘Ach níl an saol chomh furasta sin,/ Níl, ná an bás.’ (FT: 29) Ach caithfidh an file nó an fealsúnaí leanúint leis ag machnamh agus ag scríobh faoin gceist, nó is cuid den fhreagra an ionramháil agus an cuardach féin.

An grá i bhfilíocht Uí Dhúill

Is téama lárnach eile é an grá rómánsúil agus an caidreamh idir leannáin agus lánúnacha i bhfilíocht Uí Dhúill. Is snáithe é a ritheann os íseal tríd an gcuid is mó de na cnuasaigh eile atá foilsithe aige. Déanann Ó Dúill an caidreamh sin a fhiosrú, a thaiscéaladh agus a thuairisciú ar bhealach a shaibhríonn go mór ár dtuisint ar an ngné lárnach seo de shaol an duine. ‘Tá ciall leathan agam don ghrá,’ a deir Ó Dúill sa réamhaiste uaidh in *Rogha Dánta*. ‘Sna dánta grá bíonn an ceiliúradh, an t-iniúchadh, an fiafraí i dtreis’ (RD: 17). Is iomaí gné den ghrá a phléann sé ina chuid filíochta ach is suimiúla, dar liom, an láimhseáil agus an ionramháil a dhéanann sé ar an dlúthchaidreamh rómánsach idir fear agus bean. Is i gceann de na cnuasaigh luatha leis, *Dubhthrian*, a fhaightear blaiseadh ar a dhearcadh ar an ngrá pearsanta príobhaideach seo. Sa dán ‘Do Bhéalfeirsteach Mná’ déantar cur síos ar dhúshlán

imeacht an ama do ghrá na lanúine agus an tionchar a bhíonn aige ar an gcaidreamh sin:

Le himeacht aimsire, d'athraigh dath na lanúna.
Smacht oibre is tógála, stócaíl chraos na mbillí,
saoirse ban is Gael, síoranailís dualgas is mhianta:
níorbh é an rogha ach na féidearthachtaí
a d'athraigh ar *palette* ár saoil. (DT: 44)

Is ar an *palette* sin a mheasctar an dubh agus an bán agus an iliomad dathanna eile a tharraingíonn pictiúr shaol na beirte. Tá aga agus deis ag an lánúin anois breathnú ar a bhfuil bainte amach acu agus curtha i gcrích acu le chéile, an chlann á tógáil de réir a chéile acu ach na híobairtí riachtanacha déanta. Roghnaíonn an file meafar na mara agus na seoltóireachta leis an turas pearsanta seo a chur in iúl. Is sa tríú véarsa den dán is fearr a léirítear an forás atá i ndiaidh teacht ar an gcaidreamh, agus an tionchar atá ag na hathruithe seo ar chúrsaí féiniúlachta – idir fhéiniúlacht gach duine den bheirt agus a bhféiniúlacht mar lánúin:

Áiméar againn anáil a tharraingt, a Cháit 'chroí,
is breathnú tamall thart, isteach is ar a chéile.
Tá in am againn scafall an riachtanais, an dlí a ligean
d'ár long, tacaí breise a chaitheamh i leataobh, lig di seoladh. (DT: 44)

Seoladh le sruth an tsaoil atá ar bun ag an lánúin. Dearbhaíonn an file go bhfuil soitheach a ngrá in ann ag cibé rud a bhrisfeas an fharraige orthu, 'Cuirim mo thrust sa cheardaíocht, sa mhuireolas, sa dáimh, sa ghaol/ Ní báidín locha a thógamar'. (DT: 44) Samhlaítear an caidreamh pósta le 'long', ach tugann an file le fios go bhfuil a gcuid feiniúlachta féin acu mar dhaoine aonair, fiú más mar lánúin a thugann siad aghaidh ar an bhfarraige le chéile:

Is de dhá chineál muid, cruach is adhmaid, ó chéile go crannóg,
is iomaí ding is bualadh a bhrisfeas an fharraige orainn,
gluaiseacht lasta le linn stoirme idir Darwin is Yokohama
nó tine in íochtar, seachtain amach as Dakar. (DT: 45)

Ach is é an ráiteas faoin todhchaí a thagann ag deireadh an dáin is láidre ar fad. Sórt mion-*manifesto* don chaidreamh é:

Ach tugaimis dúshlán na ndoimhneachtaí dubha, clais an *Kraken*,
feidhmímis spleách ar a chéile,
comhcheol gach páirtí ar a bhéal mar is dual,
corrúair ciúnas póige. (DT: 45)

Fágann sé sin go dtig leis an lánúin aghaidh a thabhairt ar chlais an *Kraken*. Is ollphéist mhara uafásach de chuid mhiotaseolaíocht na hIorua é sin, a dhéanann ionsaí ar longa agus ar bháid, agus ar samhail anseo é den chontúirt a bhaineann leis an muir féin. Is í gné na páirtneireachta agus an cóimheas an ghné is lárnaí agus is láidre atá le tabhairt faoi deara sa dán seo agus is gné é sin den chaidreamh atá ag dul i dtreis le himeacht na mblianta.

Sa dán ‘Sionnach’ déantar an grá aibí agus caidreamh pearsanta atá i ndiaidh fás le himeacht ama a cheiliúradh os íseal ach ar bhealach cumhachtach:

‘... siúlaimid i dtreo an tábhairne
blianta ár gcaidrimh mar chraiceann tiubh ar chomhrá.’ (SG: 10)

Seo caidreamh atá seanbhunaithe, compordach ach nach bhfuil ar dhóigh ar bith feoite, mar a tharlaíonn uaireanta le caidreamh atá róchompordach le rófhada. Radharc na lánúine ar shionnach giota amach uathu agus iad ar a slí amach go teach an óil is ábhar don dán. Seasann an lánúin ag amharc ar ghluaiseachtaí rúnda, príobháideacha an tsionnaigh. Is scáthán é, ar bhealach, ar ghluaiseachtaí rúnda príobháideacha na lánúine féin. Sa tríú véarsa stopann an sionnach bomaite le hamharc ar an lánúin. Tugann sé a ndúshlán – tugann sé dúshlán a gcaidrimh féin, ar shlí – agus éiríonn leis san iarraidh. Athraítear tón an dáin agus mianta na lánúine láithreach. Meabhraítear dóibh beirt céadphaisean agus splanc luath an chaidrimh. Lastar splanc éigin atá iontu ach a bhí codlatach séimh le tamall go dtí sin agus is leor trí abairt ghairide leis an lasair sin a bheoú:

Pógaimid. Athraíonn mian. Fillimid ar theach. (SG: 10)

Is suntasach mar a thagann samhail an tsionnaigh chun cinn sa dán ‘Sionnach ar Bhóthar Maidne’ chun go dtig leis an bhfile gné chliathánach den ghrá a iniúchadh. Tugtar cur síos ar shionnach atá ina luí marbh cois bóthair. Radharc míthaitneamhach, b’fhéidir, ach radharc é ina léirítear cumhacht shiombalach an ainmhí go fóill:

Caite cois claí ag rotha neafaiseacha.
Níor léir ionathair, inchinn ná fuil,
níor baineadh ach an dochar, an drochbhraon as.
Ach ina bhladhaire fionnaidh bhí fós beatha,
ina chrot corráin bhí fós contúirt. (CL: 5)

Seo ainmhí a chuimsíonn an paisean agus an chontúirt don fhile, sílim. Cuirtear brón agus briseadh an radhairc os comhair an léitheora nuair a mheabhraítear dó gur beo go fóill don sionnach baineann:

Céad slat eile, searradh guailí,
... chonaiceamar ina lasair mhall,
ar mhala fraoigh, a céile sionnaigh:
boladh an mhairbh go foill ina gaosán, d’iompaigh sí,
stán nóiméad fada ar an charr dearg ...
ach fá chnoic a thug sí a cumha
gan a agairt orainn. (CL: 5)

Shílfeá go bhfuil feidhm osnádúrtha éigin ag an sionnach sa dá dhán seo, ‘Sionnach’ agus ‘Sionnach ar Bhóthar Maidne’. Is geall le draíocht nó geis radharc an tsionnaigh agus an lánúin ar a chéile. Spreagann an teagmháil súl sin tuiscintí nua, fadaítear tine an chaidrimh agus beathaítear arís í.

An baol go gcaillfí duine den lánúin is téama don dán ‘An tAm Sin’. Déanann an file machnamh ar an am a raibh drochthinneas ar a chéile mná. Is féidir cuimhne na himní

agus na heagla a bhrath sa dán. Cuirtear síos go mion ar rian an tinnis sin a chuaigh a scrios áilleacht na mná agus tá drámatúlacht thar an ngnách ag baint leis an dóigh a e cuirtear tionchar an tinnis inár láthair:

An t-am sin
ba phoill uaighe do shúile
a líon reilig d'aghaidhe,
poill dhubha a shlog gach saol isteach. (FT: 46)

Tháinig céile an fhile tríd an triail sin slán ach níl deireadh leis an imní ná críoch leis an eagla don bheirt acu:

Feicim anois thú, beo arís go gasta líofa
gan rian den am sin ort. Ach fós, corruair
imíonn an meangadh gáire, caolaíonn imreasc do shúl,
ciúnaíonn tú, amharcann ar bhalla bán. (FT: 46)

Tá grá an fhile dá chéile (nó an imní atá air faoi chailleadh a chéile) le sonrú go láidir ar an dán 'Uisce' mar a mbraitheann an file go bhfuil sé ag amharc ar a chéile thar abhainn. Cá bhfios nach í abhainn an Styx a thagann eatarthu agus a bhagraíonn síorscarúint ó chéile iad? Cá bhfios nach é an tinneas ar cosúil é leis an mbás é a chruthóidh sruth eatarthu nach mbeidh ar a gcumas a thrasnú?

Eadrainn tá aghaidh an uisce:
amannaí tusa thíos istigh, ag amharc aníos,
clocha cruinne do shúl dubh ar ghrinneall mílíteach,
mise ar bhruach, mo chaoineadh ag cur leis an sruth eadrainn.

Nó amannaí tusa ar bhruach, gnó idir lámha tapa,
nó aire agat ar lámhacán an linbh,
agus mise thíos, ar fhréamh faoin bhruach sin cornta,
mo dhúil fhada fhoighdeach i do thruisle, i do bhá,
i mo ghreim ort. (BO: 25)

Greim an fhir bháite, greim docht daingean, atá an file ag iarraidh a choinneáil ar a chéile. Is é an caidreamh buan, dílis eatarthu an líne tarrthála a bhfuil an file ina muinín. Samhlaítear an caidreamh seo le tearmann nó le sábháilteacht in aghaidh anró an tsaoil agus a dhúshláin.

Is é mothú na dílseachta atá i dtreis sa dán 'Bean ar m'Aithne'. Tagann an file i dtír ar an débhríochas a bhaineann leis an bhfocal 'aithne'; tá idir eolas agus ordú Dé i gceist leis. Baineann an seachtú hAithne le cúrsaí drúise agus tá dlúthcheangal idir í agus an dúil chollaí a chuireann an file sa bhean 'ar mo sheacht aithne'. Ina choinne sin, baineann an deichiú hAithne le dílseacht – 'Ná santaigh bean do chomharsan'. Dearbhaíonn an file sa dara véarsa gur buan dílis a ghrá:

Bean ar m'aithne,
ar mo sheacht aithne:
corraíonn sí mé

Bean ar m'aithne

ar mo dheich n-aithne:
cloím léi. (SG: 57)

Cé go ndeir an file sa réamhrá le *Rogha Dánta* go gcleachtann sé cúirtéis an chiúnais i gcás an ghrá agus gurb í an phríobháideacht ceann de bhuanna an bhuanghrá (Ó Dúill 2001: 17), éiríonn leis an bhfile gnéithe tábhachtacha den chaidreamh pósta a thabhairt chun solais ina chuid filíochta. In amanna, mar is léir ón dán deireanach, is leor an leathfhocal leis an meas a chur in iúl. Ní sheachnaíonn Ó Dúill téama na collaíochta ach oiread, cé nach bpléitear an ghné seo de chaidreamh an duine go hoscailte neamhbhalbh.

Sa dán ‘Géaga’, d’fhéadfaí an cur síos a dhéantar ar theas na tine agus ar thaithí chéadfaíoch na chéad phearsan, a léamh i dtéarmaí na dúile collaí:

Craobh úr le tine:
súlach, boilgíní ann, léimt chúir.
Do theas le mo chneas. (SG: 60)

Tá an dó adhmaid ina shiombail den ghníomh collaí anseo agus cuimsítear an gníomh sin i dtrí líne ghairide. Paisean fisiciúil an fhir dá bhean a mheabhraítear don léitheoir sa chéad líne; paisean na beirte dá chéile agus iad in iomrascáil an ghrá chollaí lena chéile a léirítear sa dara líne agus tá an caidreamh mothúchánach adhainte á chomhlíonadh agus á cheiliúradh sa tríú líne.

Lán + eamhain nó ‘complete pair’ is ciall leis an bhfocal lánúin, agus is é an tuiscint seo ar an gcaidreamh pósta atá i dtreis i bhfilíocht Uí Dhúill. I ndiaidh don chéad phearsa teacht slán ó bhaol na hailse sa dán ‘Dán Grá – Arís’, tugann sé le fios gurb é grá a chéile agus an caidreamh grámhar atá eatarthu, a íocshláinte:

Tú mo thaca gualann, mo shuíomh oíche faoi lampa,
mo shaoirse, mo shiombail, mo dhea-sheasamh, mo dhoire lon.

Scian mo thrialach, is í a tuairisc nár fhríth fós ailse bhaoil:
leanaimis orainn, a chroí ghil
ag cuartach chionroinnt na páirte go síothmhar. (CC: 44)

An dá líne dheiridh is fearr a léiríonn an dercadh atá ag an bhfile ar thábhacht an chaidrimh agus ar thábhacht an ghrá beirte. Comhghuaillíocht grá agus measa atá sa chaidreamh ceart idir beirt, iad ag iarraidh de shíor an saol a roinnt go cothrom lena chéile faoi shonas agus faoi dhonas, in am agus in antráth.

Conclúid

Tá breis agus daichead bliain caite ag Gréagóir Ó Dúill i mbun na ceirde agus tá saothar sainiúil saoil tógtha go cúramach aige, dar le tráchtair amháin:

Ó thosaigh sé ag saothrú na filíochta nach mór daichead bliain ó shin tá *corpus* iontach litríochta curtha ar fáil aige trí mheán na Gaeilge atá éagsúil ar fad le haon rud eile a scríobhadh in Éirinn lena linn. Is de thaisme a tharla cuid de seo ar shlí, de bharr imthoscaí a shaoil, ach ní de thaisme ach de rogha a ghlacann duine chuige uaigneas shaol an fhile agus foruaigneas shaol an fhile Ghaeilge. (Ó Cearnaigh 2001: 9)

Is gníomh pearsanta é cumadh na filíochta aige féin go minic agus níos mó ná sin, is as cúinsí, caidrimh agus imeachtaí pearsanta a eascraíonn cuid mhór dá bhfuil scríofa aige go dtí seo. Má bhaineann imeallachas agus uaigneas le cumadh na filíochta Gaeilge agus leis an easpa airde a fhaigheann an file Gaeilge go minic, deir sé féin, ‘... leanann saoirse iontach de fosta, nó bíonn cathú áirithe ar an ealaíontóir a dtugtar aird mhór ar a earra dul ar aghaidh ag táirgeadh an earra sin’ (Ó Dúill 2001: 19). Is file é Ó Dúill a dhéanann cúram de cheird na filíochta agus a fhéachann de shíor le barr feabhais a chur ar na scileanna atá aige. Agus é ag trácht ar ábhar na ndánta sa chnuasach *Crannóg agus Carn* (1991), scríobh Alan Titley an méid seo leanas: ‘The texture, imagery and suggestiveness of his best poems shows us work that has been tended and crafted with love. He is a poet who deserves greater attention and who repays a generous reading’ (Titley 1992: 9). Is tuairim é sin a bhí ag Liam Hodder agus é ag scríobh faoin gcnuasach, *GarbhAchadh*, ‘Like the collection as a whole, it will more than repay the reader’s time and trouble.’ (Hodder, 1997: 103)

Ag deireadh na réamhaiste in *Rogha Dánta 1965-2001*, thug Gréagóir Ó Dúill le fios go raibh sé ag crosbhóthar éigin:

Motháim le tamall go bhfuil athrú le teacht, athrú eile le cur agam ar mo chúrsaí. Fiafraíonn duine de féin cén treo as ar tháinig sé. Ach níl aon éalú ar an cheist eile, buncheist na beatha, ‘Cá bhfuil mo thriall?’ Ní féidir seasamh san áit amháin rófhada ar thalamh bog sléibhe... Is cinnte, ar scor ar bith, agus fás agus scaipeadh ar an chlann, go bhfuilimse ag amharc amach ar an fhuinneog arís, ag fanacht le hearrach, ag smaoineamh ar thaisteal a dhéanamh in eitleán nó i m’aigne. Bheith sásta leis an aigne neamhscríofa nó friotal eile a chur ar an choipeadh.’ (Ó Dúill 2001: 24)

Is comhartha é an ráiteas sin ar an meabhair a thugann Ó Dúill leis chuig ceird na filíochta agus ar an *engagement* a chaitheann sé i rith an ama le saothar a phinn. Is tuar é, fosta, go leanfaidh sé leis ar an turas aigne agus nach mbeidh sé sásta mura mbeidh sé de shíor ag cur friotail eile ar an gcoipeadh.

Noda do shaothar le Gréagóir Ó Dúill:

Cnuasaigh Ghaeilge:

- IB* *Innilt Bhóthair*. 1981. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- CL* *Cliseadh*. 1982. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- DT* *Dubhthrian*. 1985. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- BO* *Blaoscoileán*. 1988. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- CC* *Crannóg agus Carn*. 1991. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- SG* *Saothrú an Ghoirt*. 1994. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- GA* *GarbhAchadh*. 1996. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- FT* *An Fhuinneog Thuaidh*. 2000. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- RD* *Rogha Dánta 1965-2001*. Baile Átha Cliath. Cois Life/Coiscéim.

Cnuasaigh Bhéarla:

Traverse. 1998. *Béal Feirste*, Lapwing.
New Room Windows. 2008. Trá Lí, Doghouse.

Cnuasach dátheangach:

Gone to Earth. 2005. Bealach Chláir, The Black Mountain Press.

Obair eagarthóireachta:

Filíocht Uladh 1960-1985. 1986. Baile Átha Cliath, Coiscéim.
Fearann Pinn: Filíocht 1900 go 1999. 2000. Baile Átha Cliath, Coiscéim.

Saothair a ceadaíodh:

Books Ireland. 1991. Nóta gairid ar *Crannóg agus Carn*, 153.
Bourke, A. 2002. 'Parallel Resources', léirmheas ar *Rogha Dánta 1965-2001*, *Poetry Ireland Review* 72, 77-9.
Davitt, M. 2005. 'Aincheist an Aistriúcháin', léirmheas ar *Gone to Earth*, *Feasta* (Meitheamh), 16-7.
De Paor, L. 2006. 'Contemporary Poetry in Irish: 1940-2000', in M. Kelleher & P. O'Leary (eds) *The Cambridge History of Irish Literature Vol 2 1890-2000*. Cambridge, Cambridge University Press, 317-56.
Hodder, L. 1997. Leirmheas ar *GarbhAchadh*, *Poetry Ireland Review* 52, 101-3.
Mac Murchaidh, C. *Seanmóirí Uí Ghallchóir: Téacs agus Cúlra* (Tráchtas PhD, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, 2004)
Ó Cearnaigh, S. 1986. Léirmheas ar *Dubhthrian, Comhar* (Aibreán), 33.
Ó Cearnaigh, S. 1995. Léirmheas ar *Saothrú an Ghoirt, Comhar* (Márta), 28.
Ó Cearnaigh, S. 2001. 'Réamhrá', in G. Ó Dúill, *Rogha Dánta 1965-2001*. Baile Átha Cliath, Coiscéim, 9-10.
Ó Dúill, G. 1982. Litir, *Comhar* (Nollaig), 36.
Ó Dúill, G. 1986. 'Réamhrá', in *Filíocht Uladh 1960-1985*. Baile Átha Cliath, Coiscéim, 11-24.
Ó Dúill, G. 2001. 'Aiste' in *Rogha Dánta 1965-2001*. Baile Átha Cliath. 11-24.
Ó Dúill, G. 2004. 'The Language Shift', *Poetry Ireland Review* 80, 95-9.
Ó Dúill, G. 2009. 'Dán Achrannach – filíocht na nUltach', *Comhar* (Aibreán), 12-9.
Ó Marcaigh, F. 1982. Léirmheas ar *Cliseadh, Comhar* (Deireadh Fómhair), 40.
Riggs, P. 1985. Léirmheas ar *Cliseadh, Innti* 9, 61-2.
Titley, A. 1992. Léirmheas ar *Crannóg agus Carn*, *The Irish Times* (15 Feabhra).
Titley, A. 1995. Léirmheas ar *Saothrú an Ghoirt, Poetry Ireland Review* 46, 93-5
Welch, R. 2000. Léirmheas ar *Fearann Pinn: Filíocht 1900 go 1999*, *Poetry Ireland Review* 67, 65-7.